



Department of  
**Education**  
[www.education-ni.gov.uk](http://www.education-ni.gov.uk)

**TransformED NI:**  
Transforming Teaching and Learning



## **IS san Oideachas:**

***Impleachtaí don Obair Bhaile, don  
Fhoghlaim agus don Aiseolas***



# IS san Oideachas

## Le InnerDrive

Tá an Intleacht Shaorga (IS) ag cur crot úr ar an tírdhreach foghlama, agus tá dúshlán agus ceisteanna á n-ardú do mhúinteoirí dá réir. Idir inní maidir le macántacht acadúil agus thionchar na hintleachta saorga ar fhoghlaim agus ar aiseolas mac léinn, is léir ó thorthaí taighde gur ábhar casta é. Tugann an taighde le fios gur minic nach dtugtar faoi deara obair atá ginte le hintleacht shaorga, gur lú leibhéal na foghlama a dhéanann daltaí a bhíonn ag brath ar IS agus cé gur féidir aiseolas éifeachtach a fháil ó IS, go bhfuil baol ann leis go laghdófar an nasc riachtanach daonna sin idir múinteoirí agus foghlaimeoirí. Is riachtanach go dtuigeann múinteoirí na dinimicí seo agus iad ag iarraidh cothromaíocht a aimsiú idir an nuálaíocht agus an mhacántacht agus foghlaim fhiúntach.

### IS AGUS OBAIR BHAILE

Ceann de na ceisteanna móra faoi láthair ná an féidir le múinteoirí a rá an bhfuil a gcuid obair bhaile críochnaithe ag daltaí iad féin nó an bhfuil siad i ndiaidh úsáid a bhaint as intleacht shaorga leis an obair bhaile a dhéanamh dóibh? Leis seo a thástáil, chuir Scarfe et al. (2024) 100% de fhreagraí scrúdaithe scríofa ag intleacht shaorga isteach i gcóras ollscoile agus fuair siad amach nár braitheadh 94% díobh.

Ar an dóigh chéanna, rinne Weber-Wulff et al. (2023) tástáil ar uirlisí braite intleacht shaorga agus fuair siad amach nach raibh an chuid is mó díobh iontaofa, le meánráta rathúlachta níos lú ná 70%. Is ionann é seo agus a rá, dá mbeadh siad ag brath air seo, go bhfaigheadh go leor daltaí ar shiúl le calaois a dhéanamh agus go mbeadh cúiseamh bréagach á thabhairt do go leor daltaí a rinne an obair iad féin. Níor chuir taighdeoirí fiacail ann, a rá “nach bhfuil uirlisí braite cruinn ná iontaofa.”

Fuair Fleckenstein et al. (2024) amach go raibh deacrachtaí ag múinteoirí, beag beann ar a leibhéal taithí, aistí daltaí scríofa ag intleacht shaorga a bhrath. Ní raibh ach 38% de na rátaí cruinnis leis sin a dhéanamh sa staidéar seo. Ábhar eile inní is ea go raibh go leor rómhuiníneach ina mbreithiúnais, agus dúirt na taighdeoirí “nach féidir le múinteoirí idirdhealú a dhéanamh idir téacs scríofa ag daltaí agus téacsanna a ghintear ag an Intleacht Shaorga.” Chuir Casal agus Kessler (2023) leis an ábhar inní seo: ní raibh fiú teangeolaithe saineolacha in ann idirdhealú a dhéanamh idir an Intleacht Shaorga agus scríbhneoireacht dhaonna ach níos lú ná 50% den am.

### IS AGUS FOGHLAIM NA nDALTAÍ

An éiríonn níos fearr nó níos measa le daltaí a úsáideann IS mar chuid dá gcuid staidéir i gcomparáid le daltaí eile nach raibh teacht acu uirthi? I staidéar atá anois

ina staidéar ceannródaíoch, fuair Bastani et al. (2024) amach gur éirigh níos fearr le mic léinn a rinne staidéar le AI le linn a gcuid ama athbhreithnithe ach gur éirigh go suntasach níos measa leo ina scrúdú deiridh ná iad siúd a rinne staidéar mar is gnách gan í.

Cén fáth a dtiocfadh leis seo a bheith amhlaidh? Thiocfadh dó gurb é an úsáid atá á baint ag daltaí as an Intleacht Shaorga is cúis leis. Ba é an spreagadh ba choitianta do dhaltaí a d'úsáid an Intleacht Shaorga ná an rud ar thug na taighdeoirí 'Iarr Freagraí' air, agus ba é an ceann ba lú tóir ná 'Iarr Cabhair'. Má tá daltaí ag baint úsáide as an Intleacht Shaorga le freagraí a thabhairt dóibh, laghdaítear an córas smaointeoireachta s'acu. Dá bhrí sin, mura bhfuil siad ag smaoineamh go dian, ní dócha go mbeidh siad ag foghlaim mórán.

Go deimhin, i staidéar le déanaí le Kosmyna et al. (2025), i ndiaidh dóibh aiste a chríochnú, rinneadh agallamh le daltaí faoina n-eispéireas agus faoi ábhar na haiste. Ba iad na torthaí ba shuimiúla ná freagraí na rannpháirtithe ar an cheist "An féidir leat aon abairt a lua ó d'aiste gan breathnú uirthi?" Cé nár fhreagair 11% de na rannpháirtithe a scríobh í go léir iad féin an cheist seo, b'ábhar iontais é nárbh fhéidir le 83% den ghrúpa ChatGPT cuimhne a dhéanamh ar shliocht ar bith ón aiste a bhí siad díreach i ndiaidh a scríobh.

## IS AGUS AISEOLAS

Rinne Steiss et al. (2024) comparáid idir aiseolas ó mhúinteoirí daonna agus aiseolas a ghintear ag ChatGPT ar scríbhneoireacht na ndaltaí. Fuair siad amach, cé gur thug daoine aiseolas de chaighdeán níos fearr i gcoitinne, gur éirigh níos fearr le hintleacht shaorga in aiseolas struchtúrtha, bunaithe ar chritéir. Ba bheag an an difríocht a bhí idir aiseolas an duine agus aiseolas na hintleachta saorga beag, rud a thugann le fios gur féidir le hintleacht shaorga ról suntasach a imirt i measúnú foirmitheach, go háirithe nuair a bhíonn am nó acmhainní teoranta.

É sin ráite, cuireann staidéar suimiúil le déanaí le Doyle et al. (2025) dearcadh difriúil ar fáil. Trí agallamh le daltaí agus múinteoirí araon, fuair na taighdeoirí amach, cé go bhfuil buntáistí féideartha ann maidir le ham a shábháil agus a bheith níos oibiachtúla, go bhfuil baol ceart ann go bhféadfadh aiseolas a ghintear trí IS amháin dochar a dhéanamh don chaidreamh idir an múinteoir agus an dalta. Mar a thug múinteoir amháin faoi deara, "Ba mhaith leo go léifeá a gcuid oibre. Ba mhaith leo go mbeadh a fhios agat agus go dtuigfí cé hiad mar dhuine aonair." Is dúshlán é an bealach is fearr le dul i ngleic leis buntáistí am a shábháil agus oibiachtúlacht agus an caidreamh pearsanta a choinneáil ag an am chéanna, agus beidh ar gach scoil cinneadh a dhéanamh faoin dóigh is fearr le déanamh amhlaidh.

“Tá an t-aiseolas a ghintear le IS dírithe níos mó ar chúrsaí cruinnis agus iontaofachta, seachas cúrsaí síceolaíochta ar nós caidreamh, comhbhá agus muinín a thógáil.”

## SMAOINTE DEIRIDH

De réir mar a bhíonn uirlisí hintleachta saorga ag teacht chun cinn níos mó san oideachas, bíonn dúshlán dúbailte roimh mhúinteoirí maidir lena gcumas a úsáid agus taithí foghlama barántúla a chosaint ag an am chéanna. Tugann an fhianaise le fios, cé gur féidir le hintleacht shaorga cuidiú le haiseolas agus éifeachtúlacht, nach féidir léi an léargas, an cúram agus an nasc daonna atá mar bhonn le teagasc éifeachtach a athsholáthar. In ionad brath ar uirlisí braite, caithfidh oideachasóirí iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh le hobair bhaile a nascadh le foghlaim sa tseomra ranga ionas go spreagfar daltaí fós chun dul i ngleic go cognaíoch leis an ábhar. Is dúshlán é seo a chaithfidh gach uile scoil díriú anois air.

## TAGAIRTÍ

Bastani, H., Bastani, O., Alp Sungu, Ge, H., Özge Kabakçı, & Mariman, R. (2025). Generative AI without guardrails can harm learning: Evidence from high school mathematics. *Proceedings of the National Academy of Sciences*, 122(26).

Casal, J. E., & Kessler, M. (2023). Can linguists distinguish between ChatGPT/AI and human writing?: A study of research ethics and academic publishing. *Research Methods in Applied Linguistics*, 2(3), 100068.

Doyle, L., Nash, R. A., Jakcsiova, V., & Turner, E. (2025). “They want You to Read Their Work”: Teachers’ and Students’ Perspectives on the Use of AI for School Feedback. *Technology, Knowledge and Learning*.

Fleckenstein, J., Meyer, J., Jansen, T., Keller, S. D., Köller, O., & Möller, J. (2024). Do teachers spot AI? Evaluating the detectability of AI-generated texts among student essays. *Computers and Education: Artificial Intelligence*, 6, 100209.

Kosmyna, N., Hauptmann, E., Yuan, Y. T., Situ, J., Liao, X.-H., Beresnitzky, A. V., Braunstein, I., & Maes, P. (2025). *Your Brain on ChatGPT: Accumulation of Cognitive Debt when Using an AI Assistant for Essay Writing Task*. ArXiv.org.

Scarfe, P., Watcham, K., Clarke, A., & Roesch, E. (2024). A real-world test of artificial intelligence infiltration of a university examinations system: A “Turing Test” case study. PLOS ONE, 19(6), e0305354.

Steiss, J., Tate, T., Graham, S., Cruz, J., Hebert, M., Wang, J., ... & Olson, C. B. (2024). Comparing the quality of human and ChatGPT feedback of students’ writing. Learning and Instruction, 91, 101894.

Weber-Wulff, D., Anohina-Naumeca, A., Bjelobaba, S., Foltýnek, T., Guerrero-Dib, J., Popoola, O., ... & Waddington, L. (2023). Testing of detection tools for AI-generated text. International Journal for Educational Integrity, 19(1), 1–39.

---

## ACMHAINNÍ BREISE: BLAGANNA

InnerDrive’s 8 principles for effective use of AI [www.innerdrive.co.uk/blog/innerdrive-ai-principles/](http://www.innerdrive.co.uk/blog/innerdrive-ai-principles/)

Does AI make students forget?

[www.innerdrive.co.uk/blog/does-ai-make-students-forget/](http://www.innerdrive.co.uk/blog/does-ai-make-students-forget/)

Does AI harm student creativity? [www.innerdrive.co.uk/blog/does-ai-harm-student-creativity/](http://www.innerdrive.co.uk/blog/does-ai-harm-student-creativity/)

Using AI to help students think hard [www.innerdrive.co.uk/blog/ai-students-thinking/](http://www.innerdrive.co.uk/blog/ai-students-thinking/)

3 ways AI can make your teaching more efficient [www.innerdrive.co.uk/blog/ai-ankita-sengupta/](http://www.innerdrive.co.uk/blog/ai-ankita-sengupta/)



Department of  
**Education**  
[www.education-ni.gov.uk](http://www.education-ni.gov.uk)